



Preaseisiúint FRA  
Vín, 30 Bealtaine 2016

## Tugann rachlas na himirce dúshlán do dhiongbháilteacht an AE maidir le cearta bunúsacha, dar leis an Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2016 ó FRA

**D'iarr breis agus milliún duine tearmann san AE sa bhliain 2015, agus is ionann sin agus méadú faoi chúig ón mbliain roimhe. Sa Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2016 uaithi, scrúdaíonn Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) méid agus cineál an dúshláin agus molann sí bearta chun a chinntiú go n-urramófar cearta bunúsacha ar fud an AE.**

*"Tugadh dúshlán ollmhór do dhiongbháilteacht an AE maidir le cearta bunúsacha an bhliain seo caite, bliain ina ndearnadh ionsaithe ar an-chuid de na saoirsí, na cearta agus na luachanna ar a bhfuil an Eoraip bunaithe,"* dar le [Michael O'Flaherty](#), Stiúrthóir FRA. *"Ní mór don AE agus dá chuid Ballstát an fód a sheasamh agus iad ag cosaint na gcearta a bhfuil teidlíocht dhlíthiúil ag gach duine ina leith, is cuma cé acu an bhfuil siad ina gcónaí san AE leis na blianta nó an bhfuil an Eoraip bainte amach acu le fíordhéanaí."*

Leagtar béim sa Tuarascáil bhliantúil seo um Chearta Bunúsacha ar dhúshláin agus éachtaí ar fud raon leathan saincheisteanna um chearta bunúsacha fud fad an AE. Pléifear cuid mhaith de na saincheisteanna a chlúdaítear le tuarascáil na bliana seo ar bhealach níos mine le linn an [Fhóraitm um Chearta Bunúsacha 2016](#), rud a bheidh ar siúl i Vín ó 20 Meitheamh go dtí 23 Meitheamh.

- Ós rud é gurb ann do 60 milliún duine ar domhan a díláithríodh le fórsa, is dócha go bhfanfaidh an **cás imirce** ar bharr chlár oibre an AE. Tá formhór na ndéanaithe atá ag teacht chun na hEorpa, ar leanaí iad roinnt mhaith díobh, ag cur a mbeatha i gcontúirt ach airgead a íoc le smuigléirí as iad a thabhairt thar farraige i mbáid atá plódaithe agus mí-oiriúnach don fharraige.
- Tugadh borradh mór ar **theagmhais chiníochais agus seineafóibe** faoi deara i lear Ballstát, rud a géaraíodh le heagla roimh an gcás imirce agus le ráig ionsaithe sceimhlitheoireachta. Fuarthas amach sa tuarascáil ó FRA go ndeachthas i bhfeidhm ar phobail Mhoslamacha agus pobail Ghiúdacha go háirithe.
- Mar gheall ar na hionsaithe sceimhlitheoireachta, leagadh béim an athuir ar an deacracht a bhaineann leis an gcothromaíocht chearta a aimsiú idir **sonraí pearsanta agus príobháideacht phearsanta** a chosaint agus slándáil inmheánach a choinneáil. Tá athchóiriú á dhéanamh ag roinnt Ballstát den AE ar a gcreat faisnéise dlíthiúla faoi láthair, rud a d'fhéadfadh cumhachtaí ionsáiteacha na seirbhísí a mhéadú go mór.

Is féidir an tuarascáil a rochtain anseo: [Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2016](#)



**Le haghaidh tuilleadh faisnéise, téigh i dteagmháil le do thoil le:**  
[media@fra.europa.eu](mailto:media@fra.europa.eu)

Teil.: +43 1 580 30 642

**Nótaí d’eagarthóirí:**

- Déantar achoimre agus anailís sa Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2016 ar mhórfhorbairtí i gcearta bunúsacha san AE ar fud na bliana 2015. Tugtar moltaí le haghaidh gníomhaíochta inti sna réimsí seo: comhionannas agus neamh-idirdhealú; ciníochas, seineafóibe agus cineálacha gaolmhara éadulaingthe; comhtháthú na Romach; an tsochaí faisnéise, príobháideacht agus cosaint sonraí; cearta an linbh; agus rochtain ar an gceartas, lena n-áirítear cearta íospartaigh na coireachta.
- Cuireann FRA cúnamh agus saineolas ar fáil do chinnteoirí AE agus náisiúnta d’fhonn cur le díospóireachtaí agus beartais atá eolach agus spriocdhírthe a sholáthar ar chearta bunúsacha.